



An Bhruiséil, 27 Samhain 2025
(OR. en)

16105/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0380 (COD)**

**CLIMA 566
ENV 1298
ENER 634
TRANS 606
COMPET 1259
ECOFIN 1640
CODEC 1963**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	27 Samhain 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 738 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 738 final.

Faoi iamh: COM(2025) 738 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 27.11.2025
COM(2025) 738 final

2025/0380 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le Treoir(AE) 2023/959¹, leasáíodh Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh (CCCM) le haghaidh córas trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise (CTA2). Is é is aidhm do CCCM an riosca maidir le míchothromaíochtaí i ndáil le soláthar-éileamh a mhaolú maidir le tosú CTA2 agus chun é a dhéanamh níos frithsheasmhaí in aghaidh suaití margaidh. Tá cobhsaíocht an mhargaidh fíorriachtanach chun go bhfeidhmeoidh CTA2 i gceart chun go mbainfear spriocanna an chórais amach maidir le dreasachtaí eacnamaíochta a sholáthar chun astaíochtaí a laghdú ar fud na n-earnálacha a chumhdaítear agus tionchair mhíchuí ar phraghsanna á seachaint.

Le Cinneadh (AE) 2015/1814, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an chúlchiste agus a áirithiú go gcoinneofar é oiriúnach dá fheidhm. Más gá, ar bhonn an fhaireacháin sin, ba cheart don Choimisiún togra a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtacht, riarachán agus cur i bhfeidhm praiticiúil na trádála astaíochtaí le haghaidh na n-earnálacha sin.

Ó tháinig CTA2 i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2023, thug roinnt forbairtí tuilleadh léargais agus faisnéise ar leachtacht an mhargaidh, na leibhéil praghsanna agus an luaineacht a mheastar a bheidh ann amach anseo i margadh CTA2. Áirítear ar na forbairtí sin an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme CTA2 ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis náisiúnta, tús a chur le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí, an raon leathan réamh-mheastachán i ndáil le praghsanna lamháltais CTA2 amach anseo agus an chastacht a bhaineann le táscairí margaidh ar thaobh an éilimh a thuar. Thug siad léargas freisin ar thosca foluiteacha a mheastar a mbeidh tionchar acu ar chobhsaíocht an mhargaidh agus ar intuarthacht fhadtéarmach. Áirítear ar na tosca sin luas chur chun feidhme bheartais agus bhearta comhlántacha na mBallstát i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030, agus neamhbhailíochtú lamháltas nach scaoilfear ón gcúlchiste faoin 31 Nollaig 2030, rud a chuireann le héiginnteacht maidir le hacmhainneacht idirghabhála fhadtéarmach CCCM.

Thairis sin, an 5 Samhain 2025, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an Dlí Aeráide Eorpach, lenar tugadh isteach foráil chun cur i bhfeidhm CTA2 a chur siar aon bhliain amháin go 2028. Ghlac Parlaimint na hEorpa seasamh comhchosúil maidir le CTA2 a chur siar aon bhliain amháin an 13 Samhain 2025. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige bearta a mholadh maidir le creat chur chun feidhme CTA2 faoi dheireadh 2025, mar obair leantach ar thograí ó thromlach leathan na mBallstát agus ó roinnt mhaith Feisirí de Pharlaimint na hEorpa chun seoladh infheistíochtaí a éascú agus dlús a chur leo sula gcuirfear tús le CTA2. Tá an togra seo mar chuid de na bearta a fógraíodh.

¹ IO L 130, 16.5.2023, lgh. 134–202.

Leis an togra seo, coigeartaítear roinnt paraiméadar de chuid CCCM le haghaidh CTA2 ar bhonn faisnéis a tugadh cothrom le dáta faoin margadh agus iarrataí ó fhormhór na mBallstát agus ó pháirtithe leasmhara, chun feabhas a chur ar leachtacht sa chothromaíocht i ndáil le soláthar-éileamh agus chun feabhas a chur ar intuarthacht na leibhéal praghsanna tosaigh, gan difear a dhéanamh do cheapadh foriomlán CCCM. Rannchuidíonn na leasuithe spriocdhírthe le tús margaidh agus conair praghsanna atá ordúil, rianúil agus éifeachtúil a chosaint le haghaidh eintitis rialáilte, rud a chuireann ar a gcumas do na húdaráis náisiúnta agus do na tomhaltóirí breosla ullmhú chomh maith agus is féidir trí bhearta leordhóthanacha tacaíochta agus cúitimh. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar fhaisnéis faoin margadh agus í a fhoilsiú go tráthrialta freisin chun é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara tuiscint shoiléir a bheith acu ar na dálaí margaidh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is uirlis é CCCM maidir le CTA2 chun cobhsaíocht an mhargaidh a áirithiú le haghaidh lamháltais astaíochtaí CTA2. Áirithítear comhsheasmhacht CCCM maidir le CTA2 le beartais eile de chuid an Aontais go príomha trí chomhsheasmhacht CTA2 le beartais eile de chuid an Aontais. Leis an togra reatha, ní dhéantar ach athruithe spriocdhírthe ar pharaiméadair CCCM maidir le CTA2 gan difear a dhéanamh do cheapadh foriomlán CCCM, agus ní dhéanann sé difear díreach do bheartais eile de chuid an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirithítear comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais trí chomhsheasmhacht an chreata reachtaigh atá i bhfeidhm chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach. Déantar measúnú air sin sa mheasúnú tionchair a ghabhann le Treoir (AE) 2023/959 an 10 Bealtaine 2023 lenar leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 leis an gcuid eile den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’. Áirítear leis sin na measúnuithe tionchair a bhaineann leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill; an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht; caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO2 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna; an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite; an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh; an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Léiríonn an t-athrú atá beartaithe ar CCCM maidir le CTA2 athruithe ar an éileamh mar gheall ar na beartais chomhlántacha fhíor-riachtanacha sin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra. I gcomhréir le hAirteagail 191 agus 192(1) CFAE, ceanglaítear ar an Aontas Eorpach rannchuidiú le roinnt cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus feabhas a chur uirthi, bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, go háirithe, an t-athrú aeráide a chomhrac. Rannchuidíonn CTA AE leis an athrú aeráide a chomhrac; mar uirlis maidir le cobhsaíocht an mhargaidh le haghaidh lamháltais a bunaíodh leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, tá ról tábhachtach ag CCCM maidir le hoibriú CTA AE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide. I gcás fadhbanna trasteorann, is féidir le gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú ar bhealach níos éifeachtaí ná mar a d'fhéadfadh gníomhaíocht neamhchomhordaithe na mBallstát a bhaint amach. Cuireann comhordú ar leibhéal an Aontais feabhas ar éifeachtacht an ghníomhaithe ar son na haeráide.

Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí CTA AE, a oibríonn mar chóras uile-Aontais ar bhealach atá comhchuibhithe go hiomlán, a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú go haontaobhach. Mar gheall ar scála agus éifeachtaí an chórais, is fearr is féidir na cuspóirí a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ós rud é gur uirlis é CCCM le haghaidh chobhsaíocht an mhargaidh i lamháltais astaíochtaí CTA2 a bunaíodh leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, ní féidir a chuspóir a bhaint amach go leordhóthanach trí gníomhaíocht neamhchomhordaithe na mBallstát ach oiread.

Is beart de chuid an Aontais é Cinneadh (AE) 2015/1814 atá ann cheana sa réimse maidir leis an athrú aeráide a chomhrac. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CFAE, ní féidir leasú, ar cuid den togra seo é, a dhéanamh air ar an leibhéal náisiúnta ná ar an leibhéal áitiúil, ach teastaíonn gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ina leith.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2030 a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus feidhmiú cuí an mhargaidh i lamháltais astaíochtaí CTA2 a bunaíodh leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí á áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Ionstraim chuí atá i gcinneadh chun an cinneadh lena leagtar amach CCCM a leasú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuirtear san áireamh sa togra an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí i dtaca leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise ó tháinig sí i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2023. Cuirtear i dtábhacht sa mheasúnú tionchair maidir le hathbhreithniú 2021 ar CTA AE agus ar CCCM go mbraithfidh praghas lamháltais CTA2 ar chur chun feidhme beartas agus beart comhlántach a thacaíonn le dícharbónú na n-earnálacha sin. Léirítear i measúnú an Choimisiúin in 2025 ar Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide go bhfuil dul chun cinn mór déanta maidir le beartais agus bearta comhlántacha na mBallstát i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030. Sainiúitear ann freisin na bearnaí atá fós ann in earnáil an iompair de bhóthar agus earnáil na bhfoirgneamh ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun na spriocanna sin a bhaint amach de réir a chéile.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Déantar foráil sa togra maidir le leasú spriocdhírthe ar pharaiméadair CCCM maidir le CTA2 chun feabhas a chur ar a fheidhmiú faoi thús an mhargaidh le haghaidh lamháltais astaíochtaí

CTA2. Cuireann sé leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ó athbhreithniú 2021 ar CTA AE agus ar CCCM agus le haiseolas ina dhiaidh sin ó fhorhmór na mBallstát agus le plé tráthrialta le húdaráis inniúla náisiúnta agus le páirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme CTA2 chun feabhas a chur ar a fheidhmiú agus a éifeachtacht. Tá raon leathan ionchas i ndáil le praghsanna lamháltais CTA2 a bheidh ann amach anseo ann mar thoradh ar na léirithe éagsúla ar bheartais agus bearta comhlántacha i réamh-mheastacháin sheachtracha ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha ar phraghsanna CTA2. Chuir formhór na mBallstát ábhair inní in iúl maidir le neamhchinnteacht na leibhéal praghsanna tosaigh le haghaidh lamháltais CTA2, rud a fhágann go bhfuil na hullmhúcháin níos casta do bheartais chomhlántacha agus do bhearta tacaíochta is gá chun na hearnálacha sin a dhícharbónú.

Chun sláine oibríochtúil agus intuarthacht chóras CTA2 a áirithiú, ba cheart na leasuithe spriocdhírthe ar CCCM teacht i bhfeidhm go tapa. Tá an togra faoi réir srianta ama breise ós rud é go bhfuil sé nasctha leis an leasú ar Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa. Leis sin, cuirtear ceantáil lamháltas ar aghaidh go dtí an dara leath de 2026, rud a thugann le tuiscint gur cheart an togra seo teacht i bhfeidhm faoin tráth a chuirfear tús leis an margadh le haghaidh lamháltais astaíochtaí CTA2.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ar bhonn na n-imthosca sin agus na hamlíne, tá aiseolas bailithe ag an gCoimisiún ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara chun na bearta is fearr a ghlacadh chun cuspóirí an togra a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar leachtacht, cobhsaíocht agus intuarthacht an mhargaidh le haghaidh lamháltais astaíochtaí CTA2.

- **Measúnú tionchair**

Cé nach ndearnadh measúnú tionchair ar leithligh le haghaidh an togra seo, rannchuidíonn roinnt gnéithe sa mheasúnú tionchair a ghabhann le Treoir (AE) 2023/959 lenar bunaíodh CCCM maidir le CTA2 leis an measúnú ar na hathruithe spriocdhírthe ar pharaiméadair CCCM sa togra reatha.

Cuirtear de chúram ar an gCoimisiún faoi Chinneadh (AE) 2015/1814 faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an chúlchiste agus, más gá, athbhreithniú a mholadh chun feabhas a chur ar éifeachtacht, riarachán agus cur i bhfeidhm praiticiúil ar bhonn an fhaireacháin.

Tugadh faoi deara cheana féin sa mheasúnú tionchair a ghabhann le togra 2021 ón gCoimisiún an chastacht a bhaineann le paraiméadair tosaigh CCCM a shocrú maidir le CTA2 agus aithníodh go mbeadh gá, dá bhrí sin, le feabhas a chur ar na paraiméadair sin ag céim níos déanaí. Baineann castacht bhreise leis an raon leathan ionchas maidir le praghsanna CTA2 ó pháirtithe leasmhara i ndáil le léirithe éagsúla ar bheartais agus bearta comhlántacha.

Déantar foráil sa togra maidir le leasú spriocdhírthe ar pharaiméadair CCCM maidir le CTA2 gan ceapadh foriomlán CCCM a athrú, chun tuilleadh feabhais a chur ar a éifeachtacht ar bhonn faisnéis a tugadh cothrom le dáta sula mbeidh an córas ag feidhmiú go hiomlán.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh². Go sonrach, rannchuidíonn sé leis an gcuspóir maidir le hardleibhéal cosanta comhshaoil i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Le CTA2, ginfear ioncam mór le haghaidh bhuiséid na mBallstát nach mór a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cothroime shóisialta. Tugtar an chuid is mó den ioncam ceantála do na Ballstáit, agus d'fhéadfadh an togra difear indéreach a dhéanamh do na buiséid náisiúnta go príomha mar gheall ar an nasc sin. D'fhéadfadh leachtacht fheabhsaithe an mhargaidh fáltais cheant na mBallstát a mhéadú. Mar sin féin, meastar go gcúiteofar é sin leis an éifeacht a bheidh ag leachtacht bhreise an mhargaidh ar phraghas. Leis an togra, rannchuideofar freisin le feabhas a chur ar intuarthacht fhadtéarmach praghsanna do na Ballstáit trí luaineacht praghsanna a laghdú.

Ní bheidh gá le méadú ar acmhainneacht an Choimisiúin chun an togra seo a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach atá i gceangal leis seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil sa togra maidir le leasú spriocdhírithé ar pharaiméadair CCCM maidir le CTA2, agus ceapadh foriomlán CCCM á urramú, chun feabhas a chur ar a fheidhmiú faoin tráth a bheidh an margadh le haghaidh lamháltais astaíochtaí CTA2 ag feidhmiú. Cuireann an togra le conclúidí an mheasúnaithe tionchair ar CTA AE 2021 agus le hathbhreithniú ar CCCM agus cuirtear san áireamh ann aiseolas ó fhorhmór na mBallstát agus ó pháirtithe leasmhara eile.

I dteannta na n-athruithe atá beartaithe ar Chinneadh (AE) 2015/1814, **luann an Coimisiún an méid seo a leanas maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 30h de Threoir 2003/87/CE:**

‘Chun feabhas a chur ar intuarthacht agus deimhneacht mhargadh carbóin na hEorpa le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, measann an Coimisiún, má chomhlíontar an coinníoll in Airteagal 30h(2) de Threoir 2003/87/CE arís tar éis 6 mhí, gur cheart gan mír 6 d’Airteagal 30h a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 7.’

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá trí bheart sa togra chun feabhas a chur ar leachtacht an mhargaidh d’fhonn intuarthacht an mhargaidh a neartú, luaineacht a laghdú agus aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar mhéaduithe iomarcacha ar phraghsanna:

- Chun feabhas a chur ar leachtacht agus intuarthacht fhadtéarmach sa mhargadh, le hAirteagal 1(1) scriostar an dara habairt a bhaineann le neamhbhailíochtú lamháltas

² IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

nach scaoilfeadh ón gcúlchiste faoin 31 Nollaig 2030. Faoi láthair, níl na 600 milliún lamháltas tosaigh a choinnítear i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh (CCCM) bailí ach go dtí an 31 Nollaig 2030, agus ina dhiaidh sin ní bheidh aon lamháltas nár scaoileadh ón gcúlchiste bailí a thuilleadh. Trí dheireadh a chur leis an gclásal sin, cuidítear le hintuarthacht agus muinín an mhargaidh a mhéadú i measc gníomhaithe airgeadais agus rannpháirtithe sa mhargadh, agus ar an gcaoi sin cuirtear cobhsaíocht praghsanna chun cinn le himeacht ama.

- Le hAirteagal 1(3), modhnaítear an sásra um ráta insteallta chun scaoileadh lamháltas de réir a chéile agus níos freagrúla ón gcúlchiste isteach sa mhargadh a sholáthar. Moltar ann instealladh CCCM nuair a bhíonn líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht idir 210 milliún agus 260 milliún. I gcás den sórt sin, is éard a bheidh san instealladh 100 milliún lamháltas lúide dhá oiread na difríochta idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus an tairseach 210 milliún. Leis an togra, tugtar aghaidh ar an ‘éifeacht tairsí’ a tharlódh i gcás ina mbeadh líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht an-ghar don tairseach is ísle, lena gcinntear instealladh na lamháltas ó CCCM isteach sa mhargadh. Sa chás sin, d’fhéadfadh lamháltas amháin níos mó nó níos lú i líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht instealladh a spreagadh, ag brath ar cé acu atá líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht os cionn na tairsí nó faoina bun. Tá baol ann, mar gheall ar éiginnteacht cé acu a dtarlódh nó nach dtarlódh sé sin, go gcruthófaí luaineacht praghsanna ar an margadh. Cuidíonn an leasú seo le luaineachtaí tobanna géara soláthair sa mhargadh a chosc agus le luaineacht praghsanna a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuirtear le cobhsaíocht fheabhsaithe an mhargaidh agus le comhartha praghsais cobhsaí sa mhargadh le haghaidh lamháltas astaíochtaí CTA2 araon.
- Le hAirteagal 1(4), cuirtear sásra breisiúcháin 20 milliún lamháltas leis an líon lamháltas atá le hinstealladh faoin sásra rialaithe praghsanna iomarcacha in Airteagal 30h(2) de Threoir 2003/87/CE. Is é an cuspóir atá ann tuilleadh feabhais a chur ar fhreagairtí an tsásra sin ar luaineachtaí ar phraghsanna gan údar agus feabhas a chur ar intuarthacht an mhargaidh. Le Treoir 2003/87/CE, déantar foráil maidir le sásra chun cobhsaíocht praghsanna a áirithiú i mblianta tosaigh CTA2 trí 20 milliún lamháltas a scaoileadh ó CCCM má sháraíonn an praghas carbóin an leibhéal EUR 45 in aghaidh an tona. I gcomhréir le hAirteagal 30h(7), is féidir an beart sin a chur i bhfeidhm faoi dhó laistigh de thréimhse 12 mhí. Leis an leasú seo, neartaítear an sásra sin go cúramach tríd é a bheith indéanta líon níos airde lamháltas a scaoileadh sa mhargadh chun tuilleadh feabhais a chur ar mhuinín an mhargaidh, rud atá tábhachtach chun infheistíochtaí dícharbónúcháin a phleanáil.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollaig 2015 faoi Chreat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ('Comhaontú Pháras'). Chomhaontaigh na Páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.
- (2) Le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh chun an riosca míchothromaíochtaí i ndáil le soláthar-éileamh a mhaolú maidir le tosú na trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise agus chun é a dhéanamh níos frithsheasmhaí in aghaidh suaití margaidh.
- (3) Léirítear san anailís a rinneadh ar fheidhmiú an chúlchiste a bhfuil coinne leis, agus faisnéis a fuarthas le déanaí á cur san áireamh, go rannchuideodh leasuithe spriocdhírithé ar roinnt paraiméadar le feabhas a chur ar intuarthacht an mhargaidh agus le cobhsaíocht gluaiseachtaí praghsanna i mblianta tosaigh an chórais nua.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1814/oj>).

- (4) Chun intuarthacht fhadtéarmach an mhargaidh a mhéadú, ba cheart na lamháltais a chuirtear sa chúlchiste le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise agus nár scaoileadh a bheith fós bailí tar éis an 31 Nollaig 2030.
- (5) I gcás ina sroicheann líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht leibhéal faoi bhun 260 milliún lamháltas, chuideodh scaoileadh lamháltas de réir a chéile agus níos freagrúla le tuilleadh feabhais a chur ar chobhsaíocht agus intuarthacht an mhargaidh do rannpháirtithe sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh leis an sásra um instealladh an difríocht idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus an tairseach níos ísle.
- (6) Chun tuilleadh feabhais a chur ar fhreagairtí an tsásra ar luaineachtaí ar phraghsanna gan údar agus intuarthacht an mhargaidh a mhéadú, ba cheart é a neartú go cúramach chun feabhas a chur ar chobhsaíocht praghsanna sna chéad 3 bliana den chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin méid níos airde lamháltas a scaoileadh sa mhargadh. Má chuirtear an beart i bhfeidhm faoi dhó le linn na tréimhse 12 mhí céanna, ba cheart an scaoileadh breise a dhéanamh faoi dhó.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/1814 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 1a de Chinneadh (AE) 2015/1814 mar a leanas:

- (1) I mír 3, scriostar an dara habairt;
- (2) I mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt: ‘Is éard a bheidh i líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht faoin Airteagal seo i mbliain ar leith líon carnach na lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil sin a eisíodh, lúide na tonaí carnacha d’astaíochtaí fíoraithe a chumhdaítear leis an gCaibidil sin don tréimhse idir an 1 Eanáir [2027] agus an 31 Nollaig den bhliain áirithe chéanna sin agus aon lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil sin a cuireadh ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE.’;
- (3) I mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach: ‘In aon bhliain ar leith, má tá líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht idir 210 milliún agus 260 milliún, scaoilfear lamháltais bhreise ón gcúlchiste. Ríomhfar an méid breise trí 100 milliún a thógáil agus dhá oiread na difríochta idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus 210 milliún a dhealú. Cuirfear an méid breise sin le cainníocht na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE ag tosú an 1 Meán Fómhair den bhliain sin.’;
- (4) I mír 7, cuirtear an abairt seo a leanas isteach idir an chéad agus dara habairt: ‘I gcás ina scaoilfear lamháltais ón gcúlchiste i gcomhréir le hAirteagal 30h(2) de Threoir 2003/87/CE, cuirfear 20 milliún lamháltas eile leis an méid atá le scaoileadh ón gcúlchiste.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

Clár

1.	COMHTHÉACS AN TOGRA.....	1
•	Forais agus cuspóirí an togra	1
•	Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana	2
•	Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais.....	2
2.	BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT	2
•	Bunús dlí	2
•	Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach).....	3
•	Comhréireacht	3
•	An rogha ionstraime	3
3.	TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR ³	
•	Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana ...	3
•	Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara	3
•	Bailiú agus úsáid saineolais	4
•	Measúnú tionchair	4
•	Ceartha bunúsacha	5
4.	IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA	5
5.	EILIMINTÍ EILE	5
•	Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe	5
•	Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra	5
1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	4
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	4
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	4
1.3.	Cuspóirí.....	4
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	4
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	4
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	4
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	4
1.4.	Baineann an togra/tionscnamh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	5
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	5

1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	5
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	5
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc	8
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	9
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar	9
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	10
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	10
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar	10
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)	11
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	13
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar	13
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach	13
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar	13

3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	14
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	14
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe	15
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	15
4.	GNÉITHE DIGITEACHA	15
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha	15
4.2.	Sonraí	15
4.3.	Réitigh dhigiteacha	15
4.4.	<i>Measúnú idir-inoibritheachta</i>	16
4.5.	Beartha chun tacú le cur chun feidhme digiteach	16

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le feidhmiú chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Gníomhaíocht ar son na haeráide

Ceannteideal 3 – Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol

Teideal 9 – An comhshaol agus gníomhaíocht ar son na haeráide

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don togra feabhas a chur ar éifeachtacht chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise i ndáil leis an gcothromaíocht ar an margadh.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Déantar foráil sa togra maidir le leasuithe spriocdhírthe ar pharaiméadair chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh maidir le hearnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise chun feabhas a chur ar a fheidhmiú faoin tráth a bheidh CTA2 ag feidhmiú go hiomlán.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnaimh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Tá coinne ann go gcuirfear leis an togra feabhas ar leachtacht, cobhsaíocht agus intuarthacht an mhargaidh faoin tráth a bheidh CTA2 ag feidhmiú go hiomlán.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Leis an gcúlchiste, tugtar aghaidh ar an gcothromaíocht struchtúrach i ndáil le soláthar-éileamh le haghaidh lamháltais sa mhargadh.

1.4. Baineann an togra/tionscnaimh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart⁶

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

⁶ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm do leasuithe spriocdhíríte ar pharaiméadair chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh maidir le hearnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise feabhas a chur ar a fheidhmiú faoin tráth a bheidh CTA2 ag feidhmiú go hiomlán.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Is ionstraim uile-Aontais é an córas trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

I bhfianaise na sprice maidir le hastaíochtaí a laghdú do 2030 agus an chuspóra aeráidneodrachta atá le baint amach faoi 2050, tá gá le gníomhaíocht an Aontais níos láidre, lena n-áirítear trí mhargadh carbóin níos éifeachtaí, níos dea-fheidhmiúla agus níos athléimní a áirithiú.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is é is aidhm don togra an creat beartais atá ann cheana a chomhlánú.

Tá sé comhoiriúnach do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

-

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- comhlachtaí dlí poiblí
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha eárnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhíseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Leanfaidh an fhoireann atá ann faoi láthair den tionscnamh a bhainistiú. Níl foireann bhreise de dhíth.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Cuireann an togra leis an Dlí Aeráide Eorpach, lena n-áirítear na measúnuithe céanna atá le déanamh ag an gCoimisiún (mar atá cheana féin). Cuireann an Dlí Aeráide Eorpach leis an gcreat láidir trédhearcachta le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le faisnéis aeráide eile a leagtar amach sa Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, seachas sruthanna tuairiscithe breise na mBallstát a chruthú.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Neamhbhainteach. Leis an togra, ní chuirtear clár airgeadais chun feidhme ach ceaptar beartas fadtéarmach. Ní bhaineann modh bainistíochta, sásraí chun cistiú a chur chun feidhme, módúlachtaí socrúithe íocaíochta agus straitéisí rialaithe i ndáil le rátaí earráide le hábhar.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar dhul chun cinn le moltaí agus bearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Ní eascraíonn rialuithe/rioscaí móra nua nach gcumhdófaí le creat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana féin mar gheall ar an tionscnamh seo. Níor beartaíodh aon bheart sonracha seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Níor beartaíodh aon bheart sonracha seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁷ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁸	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ⁹	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
3	09.02.03.00	LD	TÁ	TÁ	NÍL	TÁ
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁷ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁸ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁹ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ✓ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
---	--------	--

Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021- 2027
			2024	2025	2026	2027	
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000
	Íocaíochtaí	(2a)					0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath							
Líne bhuiséid		(3)					0,000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021- 2027
			2024	2025	2026	2027	
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

oibríochtaí	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL <...>								
Gealltanais		=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
den chreat airgeadais ilbhliantúil		Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí dilártaíthe)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						IOMLÁN		
	ASCHUIR																		
	↓	Cineál ¹⁰	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹¹ ...																			
- Aschur																			
- Aschur																			
- Aschur																			

¹⁰ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

¹¹ Mar a thuiriscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin

- ✓ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN 2021 - 2027
	2024	2025	2026	2027	
CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN					
	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ✓ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfeadh an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunáochta (oifigigh agus foireann shealadach)				
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)				
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	0	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa ceannteathrú	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)	0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END - Taighde díreach)	0	0	0	0

Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7	0	0	0	0
IOMLÁN	0	0	0	0

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfeistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Ceannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar ‘Chaitheachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla’ is ceart na leithreasuithe faoi Ceannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caitheachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 ‘Gnéithe digiteacha’.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021 - 2027
CEANNTÉIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Níl acmhainní breise de dhíth. Leanfaidh an fhoireann atá ann faoi láthair den tionscnamh a bhainistiú.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid
- is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe					

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

- Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncain:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ¹²			
		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Airteagal					

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Níl ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ann.

4.2. Sonraí

Níor sainaithníodh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.

4.3. Réitigh dhigiteacha

Níor sainaithníodh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.

¹² A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

4.4. *Measúnú idir-inoibritheachta*

Níor sainaithníodh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.

4.5. *Beartha chun tacú le cur chun feidhme digiteach*

Níor sainaithníodh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.